**Polasaí - Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)**

**Le**

**Polasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta**

## Caidreamh le Ráiteas Misean

Tá dlúth-cheangal idir an pholasaí seo agus éiteas an Choláiste mar atá leagtha síos san Ráiteas Misean.

***I gColáiste an Eachréidh déantar gach dícheall timpeallacht thaitneamhach shlán shábháilte a chur ar fáil ina ndéantar oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Dírítear aird ar fhorbairt acadúil, shóisialta agus chultúrtha na scoláirí le súil lán-chumas a bhaint amach. Aithnítear tréithiúlacht ar leith na scoláirí agus déantar gach iarracht iad a oiliúint le bheith ina saoránaigh measúla, réasúnacha, fiúntacha.***

Tá sé mar phríomh aidhm ag an gColáiste an duine a fhorbairt go hiomlán. Ciallaíonn sé seo forbairt ar ghach ghné de shaol shóisialta agus cultúrtha an dalta.

- Is as aidhm iomlánaíoch seo an oideachais agus as an mbunfhís seo don duine a thagann an tiomantas i leith an oideachais i réimse na forbartha pearsanta agus sóisialta. Tá fís iomlánaíoch i leith na sláinte taobh thiar dá leithéid de thiomantas freisin – fís a chuimsíonn gnéithe fisiceacha, intinne, mothúchánacha, spioradálta, sóisialta agus timpeallachta, agus an t-idirghníomhú casta idir na gnéithe sin uile a chuireann leis an dea-bhraistint phearsanta agus le caidrimh idirphearsanta dhearfacha.
- Tá an t-ábhar, OSPS, ag súil le feabhas a chur ar scileanna sóisialta na ndaltaí freisin le féin mhuinín, féin mheas agus spiorad a chruthú iontu ionas gur féidir leo feidhmiú mar dhaoine neamhspleácha muiníneacha sa todhchaí amach rompu. Leagtar béim ar chaidrimh shláintiúla a chothú le daoine eile freisin ionas go mbeidh siad in ann líonra tacaíochta a chruthú i measc a gcairde féin i ndiaidh scoile.

Spreagtar na daltaí sa rang OSPS chun measúnú agus machnamh a dhéanamh ar dhearcaí éagsúla maidir le saincheisteanna moráltachta. Creidtear go láidir go gcuirtear le saibhreas iomlán an Choláiste trí ómós a thabhairt do na riachtanais atá ag grúpaí mionlaigh agus ag daoine aonair.

Feidhmíonn na ranganna OSPS de réir na mbunphrionsabal leagtha amach sa Chód Iompair, mar a deir '***Go mbeidh scoláirí dea-mhúinte cúirtéiseach agus go mbeidh meas acu ar na múinteoirí, foireann eile an Choláiste, cuairteoirí,***

***tiománaithe agus meas acu ar a chéile. Go mbeidh meas ag scoláirí ar mhaoin – a maoin pearsanta féin, maoin a gcomhscoláirí agus maoin an Choláiste agus áiseanna lasmuigh'.***

Ní ghlactar le haon chaitheamh anuas ná tromchúiseacht ná leithcheal ar éinne ar bhonn: Cine, Creidimh, Míchumais, Claonadh Gnéasach nó Trasinscne, Stádas Sibhialta, Stádas Teaghlaigh, Aois, Ballraíocht de Phobal an Lucht Siúil. Beidh dearcadh oscailte i leith éagsúlachtaí agus pearsantachtaí.

Bítear ag súil go mbeidh meas ag daltaí an Choláiste ar dhínit daltaí eile; meas a léiriú dá chéile agus a bheith cúirtéiseach, béasach lena chéile i gcónaí.... Tá sé de cheart acu freisin a bheith ag súil le hómós dá ndínit féin.

Cruthófar atmaisféar dearfach, táirgiúil agus dúshlánach sa rang atá oscailte do gach cultúr is a fhreastalaíonn ar gach riachtanas foghlama le fís an ábhair a bhaint amach.

Déantar an t-ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus is sprioc bhreise é sa Coláiste seo an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach ábhar mar theanga nádúrtha cumarsáide fadsaoil.

**Pleanáil**:

Tá an curaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i bhfeidhm do dhaltaí ó Bhliain a h-Aon go Bliain a Sé sa gColáiste. Bíonn rang amháin 40 nóiméad OSPS ag gach rang ó Bhliain 1 go Bliain 6. Seo iad cuspóirí an churaclaim OSPS i gColáiste an Eachréidh:

- Folláine, féinmhuinín agus muintearais a chothú sna daltaí.
- Taispeáint do na daltaí cén chaoi a bheith freagrach as na rudaí a dhéanann siad féin.
- Cabhrú le bheith níos feasaí agus níos báúla leo féin trí chabhrú leo a gcuid mothúchán féin a bhainistiú, a mbuanna aonair a aithint agus a chothú, agus déileáil le hathruithe de chineálacha éagsúla.
- Tacaíonn sé leis na daltaí ionas go dtiocfaidh siad chun bheith '***ina saoránaigh measúla, réasúnacha, fiúntacha.'***

**Ceithre cinn de shnáitheanna atá sa churaclam OSPS:**

1. Cé mé?
2. Aire a tabhairt dom féin agus do dhaoine eile
3. Dul I páirt le chéile
4. Mo shláinte mheabhrach

**Aidhmeanna an OSPS:**

Ag cur le haidhmeanna an OSPS sa bhunscoil, is í aidhm an OSPS ag leibhéal an iar-bhunoideachais agus i gColáiste an Eachréidh ná- a chur ar chumas na ndaltaí scileanna a fhorbairt don fhéin-chomhlíonadh agus chun maireachtáil ar a suaimhneas ina bpobail: -

- An féinmheas agus an féinmhuinín a chothú.
- Cur ar chumas na ndaltaí creat a fhorbairt ar mhaithe leis an gcinnteoireacht fhreagrach.
- Deiseanna a sholáthar don mhachnamh agus don díospóireacht.
- Sláinte agus folláine fhisiceach, intinne agus mhothúchánach a chothú

Cuirtear an curaclam don OSPS sa gColáiste i láthair i bhfoirm sé déag modúl ó na torthaí foghlama comhroinnte ar Teams/ sharepoint/ plean OSPS. Baineann gach modúl díobh le gach bliain. Tá na cláir ar fad ar an gcuraclam forásach agus oiriúnach d'aois na ndaltaí ó thaobh ábhar agus modheolaíochta de:

1. Cé mé?
    - Conas a fheictear mé féin agus daoine eile
    - Bheith i d'ógánach
    - Féinbhainistíocht
    - Mo chearta agus cearta daoine eile

2. Aire a tabhairt dom féin agus do dhaoine eile
    - Fanacht folláin
    - Úsáid substaintí
    - Cumarsáid mheasúil
    - Frithbhulaíocht

3. Dul I páirt le chéile
    - Cara bheith agat agus tú a bheith i do chara
    - An speictream/ raon caidrimh
    - Gnéasacht (collaíocht), féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis
    - Tionchar na meán ar chaidreamh agus ar ghnéasacht

4. Mo shláinte mheabhrach
    - Meabhairshláinte dhearfach
    - Meabhairshláinte agus easláinte mheabhrach
    - Ócáidí géara coscracha a láimhseáil
    - Cailleadh agus méala

Ranganna sinsearacha:
I measc na mórtopaicí a phléitear tá:

- Sláinte mheabhrach
- Staidéir inscne
- Úsáid substaintí

- Oideachas caidrimh agus gnéasachta
- Gníomhaíocht choirp agus cothú.

Cuirtear na modhanna múinte a leanas i láthair sa rang OSPS:

- Plé oscailte
- Athmhachnaimh
- Múineadh don rang iomlán
- An múinteoir mar éascaitheoir
- Obairaonarach/beirte/ghrúpa/scríofa/phraicticiúil/ealaíne/ ríomhaireachta/ról- imirt
- An dalta mar mhúinteoir
- Tráth na gceist
- Tionscnaimh taighde
- Teirpe ealaíne/drámaíocht/ceoil
- 'Mindfulness'/ 'Meditation'
- Mindout HSE (Sláinte Intinne daltaí Áirdteiste)
- Seachtain Sláintiúil
- Aoí chainteoirí m.sh Wiser, Aware, Na Gardaí, BeLong To &rl.
- Seachtainí ar leith m.sh Seachtain Chairdis / Seachtain Feasachta ar Éagsúlachtaí i ndaoine m.sh. LGBT/ Seachtain Sláinte &rl.

Bíonn ceangail ag an ngníomhaíochtaí seo leis an OSPS agus iad nasctha le hábhair eile chomh maith agus le saol iomlán na scoile.

**Na Straitéisí Foghlama ná:**

- Machnamh agus measúnú
- Smaointe/réiteach a chumadh
- Tuairim a chur in iúl
- Eolas a bhailiú
- Ceisteanna a chur
- Anailís a dhéanamh
- Fiosrúchán a dhéanamh
- Cumarsáid a dhéanamh
- Foghlaim ghrúpa
- Foghlaim phearsanta
- Comhbhá agus Tuiscint a léiriú

**Rangú Daltaí:**

Níl aon rangú déanta ar na daltaí san ábhar seo, toisc go ndéanann gach dalta sa gColáiste é.

**Teacht na ndaltaí ar an ábhair:**

Bíonn ar gach dalta an t-ábhar seo a dhéanamh. (Féach Aguisín 1).

**Pleanáil do dhaltaí le riachtanais speisialta:**
Bíonn riachtanais speisialta daltaí sna ranganna OSPS ar eolas ag na múinteoirí ón dtuairisc ar fáil orthu sa Choláiste agus déanann na múinteoirí gach iarracht freastal ar na riachtanais seo bunaithe ar na moltaí atá sa tuairisc agus de réir treoirlínte an N.C.C.A agus na Roinne Oideachais. Bíonn go leor gníomhaíochtaí difriúla/ modhanna múinte ar siúl sna ranganna le freastal ar il-intleachtaí na ndaltaí msh. Aclaíocht, comhrá oscailte, comhrá beirte, scríbhneoireacht cruthaitheach &rl.

**Rialacha Ranga:** Scríobhann na daltaí amach rialacha oiriúnach don rang ag tús na bliana le cúnamh ó na múinteoirí le conradh ranga a dhéanamh. Bíonn rialacha ar nós na cinn seo a leanas ar go minic: (Aguisín 4)
1) Bíodh meas ag gach duine ar a chéile.
2) Duine amháin ag caint ag an aon am sa rang.

Seasann gnáth rialacha an Choláiste chomh maith.

**Sláinte agus Sábháilteacht:**
Glacann an múinteoir rolla ag tús an ranga. Tá polasaí an Choláiste ó thaobh caomhnú leanaí agus aon rud a thagann suas faoi dhalta i mbaol tuairiscítear láithreach é chuig an Duine Idir Chaidrimh Ainmnithe (DIA) sa scoil.

**Pleanáil Tras-churaclaim:**
Tá baint ag ábhar áirithe san OSPS le hábhair eile m.sh:
- Mé-féin- nasctha leis na hábhair teanga.
- Scileanna Staidéar-nasctha le gach ábhar.
- Scileanna Cumarsáide-nasctha ó thaobh scrúdu béil.
- Úsáid substaintí- nasctha le Eacnamaíocht Bhaile agus Eolaíocht.
- Muintearas agus Cairdeas nasctha le Teagasc Reiligiúin go háirithe ach le gach ábhar eile chomh maith.

**Tacaíocht, Forbairt agus Athbhreithniú Leanúnach Oiliúint**
Ní gá go mbeadh na múinteoirí go léir atá gafa leis an obair seo ina saineolaithe i dtaobh na gceisteanna a bhaineann leis an ábhar seo. Is gá, áfach, go mbeidís tuisceanach do riachtanais an ghrúpa, go mbeadh sé ar a gcumas déileáil le ceisteanna go hoscailte agus go macánta agus go mbeidís toilteanach comhairle agus oiliúint a fháil. Éascóidh an Coláiste do na múinteoirí sainoiliúint a fháil sa réimse seo trí chur ar a gcumas freastal ar chúrsaí inseirbhíse. Ní chuirfear OSPS ar chlár ama múinteora gan dul i gcomhairle leis an múinteoir ar dtús. Tabharfar deis do na múinteoirí cruinnithe a bheith acu leis an gclár a phleanáil agus le saineolas a roinnt.

## Oideachas Caidreamh agus Gnéasachta (OCG)

### Raon

Baineann an pholasaí seo maidir le caidrimh agus gnéasacht, le gach ghné den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim. Baineann sé le foireann na scoile, scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, an Bord Bainistíocht agus aoi-chainteoirí.
Tá an polasaí OSPS bunaithe ar ráiteas mhisean Choláiste an Eachréidh agus an curaclam mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais & Scileanna.
Baineann an polasaí seo le polasaithe eile an Choláiste m.sh An Polasaí Caomhnú Leanaí, An Polasaí Frith- Bhulaíochta, Polasaí Tréadchúraim agus Cód Iompair an Choláiste.

### Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíocht freagrach as an pholasaí a dhaingniú agus tá foireann an Choláiste freagrach as é a chur i bhfeidhm.

### Scóip

I ndréachtadh an pholasaí seo cuireadh san áireamh na nithe seo a leanas: an reachtaíocht , treoirlínte éagsúla, na polasaithe scoile agus na ciorcláin seo a leanas chomh maith le Ráiteas Misean an Choláiste: • An tAcht Oideachais 1998 • An tAcht Oideachais (Leas) 2000 • Ciorcláin 0023/2010, M4/95, M20/96 (Roinn Oideachais agus Scileanna) • Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint Leanaí 2011/ 2017 •Treorlinte – maidir le Cumhdach Leanaí • Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus Scoileanna Iarbhunscoile (Roinn Oideachais agus Scileanna) • Polasaí an Choláiste maidir le Caomhnú Leanaí • Cód Iompair an Choláiste • Polasaí Frith-Bhulaíochta an Choláiste. Baineann an polasaí seo le gach gné den teagasc agus den fhoghlaim maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).

Tarlaíonn comhphlé maidir leis an ngné seo den churaclam i ranganna eile chomh maith le hOideachas Sláinte agus OCG agus tá sé tábhachtach go mbeidh na múinteoirí ar fad chomh maith le bainistíocht, tuismitheoirí, daltaí agus aoichainteoirí / éascaitheoirí ar an eolas maidir leis an bpolasaí.

### Réasúnaíocht

Tá gnéasacht ina gné de fhorbairt shóisialta agus pearsanta an duine. Tugtar teachtaireachtaí áirithe maidir le gnéasacht agus gníomhaíocht ghnéasach do dhaoine óga. Is é freagracht an Choláiste, le tacaíocht ó na tuismitheoirí, socrú ar an mbealach is fearr leis na scoláirí a theagasc. De réir an Acht Oideachais 1998

caithfidh scoileanna cuidiú chun gnéithe mhorálta, spioradúil, sóisialta agus pearsanta na scoláirí a fhorbairt agus oideachas shláinte a chur ar fáil dóibh.

Tá clár an OCG leagtha amach chun an prionsabal agus an patrún seo a leanacht. Chomh maith leis na ceachtanna ar leith a leanann clár an OSPS, clúdaíonn sé rudaí eile sa bhreis, cosúil le meoin shláintiúil don ghnéasacht agus ár gcaidrimh le daoine eile. Bíonn OSPS ag déileáil le ceisteanna cosúil le féin mhuinín, cumarsáid agus scileanna cinnteoireachta – a chuireann go mór le héifeacht an chláir.

**Aidhmeanna an Chlár Oideachais Ghnéasacht agus Chaidrimh:**

- Cuidiú le scoláirí cairdeas agus caidreamh a thuiscint agus a fhorbairt.
- Tuiscint ghnéasacht a fhorbairt.
- Meoin dearfach a chruthú faoi a ghnéasacht féin agus a gcaidrimh le daoine eile.
- Iad a chur ar an eolas faoi ghiniúint.
- Meoin na scoláirí a fhorbairt faoi ghnéasacht ó thaobh morálta, spioradálta, agus sóisialta.
- Deis a thabhairt do na scoláirí foghlaim faoi chaidrimh agus gnéasacht i mbealaigh a chuidíonn leo gníomhú go morálta, cineálta agus freagrach. Caithfear a aithint gur mian-aidhme iad seo i gcúrsa a bhfuil teorann ama aige.

**Sainmhíniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta**

Tá an t-Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar chuid lárnach d'fhorbairt shóisialta agus phearsanta an dalta. Cuireann na tuismitheoirí, mar bhunoideachasóirí a bpáistí, eolas faoi seo ar fáil sa bhaile agus tacaíonn an Coláiste leis an oideachas seo trí ranganna a chur ar fáil do gach bliain ghrúpa a thugann deis do na daltaí tuiscint agus meon dearfach a fhorbairt i mbealach struchtúrtha ar chaidrimh dhaonna, ar ghneásacht agus ar fhéiniúlacht.

**Ról na dTuismitheoirí**

Is iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a bpáistí agus aithníonn an Coláiste an ról tábhachtach atá acu san oideachas maidir le caidreamh agus gnéasacht.

Cuirfear an polasaí seo ar fáil do phobal an Choláiste ar shuíomh idirlín an Choláiste, www.colaisteaneachreidh.com. Cuireann WISER modúl 5/6 seachtaine; do thréimhse 1 uair sa t-seachtain; ar fáil do Bhliain 2, 4 agus achoimre ar na modúl do bhliain a 6(rang amháin), ar an OCG. Cuirtear litir agus foirm cheada chuig tuismitheoirí roimh ré ag leagan amach na dtopaicí a chlúdófar. Cuirtear in iúl dóibh freisin go bhfuil sé de cheart acu a bpáiste a aistharraingt ach go gcaithfear é seo a chur in iúl i scríbhinn. Pléifear go tuisceanach le haon bhuairt nó imní a léirítear. Cuirfear socruithe cuí i bhfeidhm do dhaltaí a aistharraingítear. Ag an am céanna cinntítear nach mbaintear an bonn den chlár OCG agus teidlíocht na ndaltaí eile.

**Comhairle a chur ar fáil**
Is é feidhm an Choláiste oideachas ginearálta a chur ar fáil faoi chúrsaí gnéasachta agus ní comhairle, eolas ná comhairleoireacht aonair a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann le hiompar gnéis agus frithghiniúint - ach déanfar foinsí maidir le heolas agus comhairle ghairmiúil a sholáthar nuair is cuí. Is féidir le múinteoirí eolas agus oideachas a chur ar fáil do dhaltaí maidir le cén áit agus cé uaidh ar féidir leo comhairle agus cóireáil ghnéis a fháil, m.sh. a ndochtúir nó gníomhaireacht oiriúnach eile. Níor chóir go mbeadh comhairle a thugtar treorach agus ba chóir go mbeadh an chomhairle oiriúnach d'aois an dalta.

**Saincheisteanna**
B'fhéidir nach mbeadh sé oiriúnach déileáil le ceisteanna neamhbhalbha áirithe sa rang. Tá cead ag múinteoirí a rá nach cuí déileáil leis an gceist sin ag an am seo. Má thagann imní ar mhúinteoir faoi aon topaic/ábhar a ardaíodh ba cheart dó/di comhairle a lorg ón gComhordaitheoir OSPS nó ón bPríomhoide. Agus é/í ag socrú ar cheisteanna a fhreagairt nó gan a fhreagairt ba chóir dó/di aois na scoláirí, an t-ábhar atá sa chlár OCG agus an polasaí OCG a chur san áireamh.

**Rúndacht**
Is é polasaí an Choláiste é go gcaithfidh múinteoir dul i gcomhairle láithreach leis an Duine Idirchaidreamh Ainmnithe (an Príomhoide) má mheastar go bhfuil dalta i mbaol mí-úsáide de chineál ar bith nó ag sárú an dlí. Cinnfidh an Príomhoide ar na tuismitheoirí agus/nó na húdaráis chuí a chur ar an eolas nó gan iad a chur ar an eolas de réir na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile

**Tá an méid seo leanas ina pholasaí scoile chomh maith:**

- Ní féidir le múinteoirí rúndacht gan choinníoll a gheallúint.
- Cuirtear in iúl do dhaltaí go bhféadfaí ábhar ar bith a ardaíodh a chur in iúl don Phríomhoide agus do thuismitheoirí, b'fhéidir, má chinneann an Príomhoide go bhfuil sé chun leasa an dalta é a chur in iúl do thuismitheoir.
- Caithfidh múinteoirí a chur in iúl do dhaltaí go soiléir nuair nach féidir ábhar chomhrá a choimeád faoi rún.

**Gnéithe Bitheolaíochta den Chlár** Is é polasaí an Choláisteé go ndéileálann Roinn na hEolaíochta go príomhúil le saineolas ar gnéithe bitheolaíochta an choirp.

**Feidhm a Bhaint as Aoichainteoirí agus Eile**
Is é polasaí an Choláiste é gur fearr an chuid is mó den chlár OCG a phlé go hoscailte le múinteoirí a bhfuil aithne ar na daltaí orthu agus muinín acu as/aisti. Is féidir le cuairteoirí caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, áfach, chomh fada agus a úsáidtear iad i dteannta chláir phleanáilte OCG, ní ina ionad.

Má shocraítear ar aoichainteoir seachtrach nó ceardlann seachtrach a chur ar bun ar ghné den chlár, caithfidh an múinteoir an treoir atá leagtha amach d'aoichainteoirí a leanúint agus cead a fháil ón bPríomhoide roimh ré. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn maidir leis an aoichainteoir / ceardlann ar a laghad seachtain roimh ré. Cinnteoidh an múinteoir go bhfuil ábhar na cainte aoisoiriúnach agus ag teacht leis an gclár don OCG. Cuirfear cuairteoirí ar an eolas faoin bpolasaí OCG agus an modh ina chuirtear an clár OCG i láthair sa gColáiste. Beidh an múinteoir i láthair don chaint in éineacht leis an aoichainteoir. Chun eolas cruinn a thabhairt don chuairteoir faoi riachtanais an ghrúpa agus chun an leas is fearr a bhaint as an am, tá sé inmholta ceisteanna a leagan amach roimh ré agus iad seo a chur ar aghaidh chuig an gcuairteoir. Cuimseoidh sé seo na daltaí sa chaint agus éascaíonn sé an phleanáil chomh maith.

**Gnéaschlaonadh**

Aithníonn na múinteoirí go bhfuil gnéaschlaontaí éagsúla ann atá inghlactha sa tsochaí agus dá bhrí sin tá sé dosheachanta agus tá sé nádúrtha go ndéanfar gnéaschlaontaí éagsúla a phlé i rith chláir OCG.
Ceann de na buntáistí a bhaineann le ceisteanna maidir le gnéaschlaontaí éagsúla a chíoradh ná go dtugann sé deis tuairimí agus teoiricí bréagacha a cheartú agus tabhairt faoin réamhchlaonadh. Déanfar plé air seo ag stáitse atá aois-oiriúnach do na daltaí.

**Riachtanais Speisialta**

Tharlódh go mbeadh daltaí le riachtanais speisialta a mbeadh gá acu le cabhair níos mó agus iad ag foghlaim faoin saghas iompair atá oiriúnach agus iad ag déileáil leis na gnéithe fisiciúla agus mothúchánacha den chlár OCG. Le cead na dtuismitheoirí, cuirfear an tacaíocht agus an chabhair seo ar fáil le hiad a ullmhú don saol agus le hiad a chur ar a n-aire maidir le mí-úsáid ag daoine eile.

**Pleanáil Clainne / Sláinte Ghnéis**

Déileálfar leis an bpleanáil clainne i mbealach aoisoiriúnach agus breithneofar gach gné den cheist go hoscailte. Cuirfear eolas aois-oiriúnach ar fáil sa tsraith shinsearach maidir le nósanna sábhailte gnéis.

**Acmhainní**

Bainfidh an Coláiste úsáid as ábhair tacaíochta teagaisc eisithe ag an ROS agus ag an FSS ábhair do mhúineadh OCG atá sainaitheanta ag an bhfoireann mar ábhair úsáideacha. Seo lenas acmhainní OSG ón bunscoil go dtí an 6ú bliain:
Busy Bodies (www.healthpromotion.ie), B4UDecide (www.b4udecide.ie), Lockers (https://www.webwise.ie/lockers/), IONTAOBHAS (https://sphe.ie/resources.aspx)

**Monatóireacht**

Measúnú agus Athbhreithniú an Chláir OCG / OSPS Táimid tiomanta do mhonatóireacht agus measúnú éifeachtach an chláir seo OCG agus OSPS. Déanfar an mhonatóireacht agus measúnú trí:

- Aiseolas ó dhaltaí
- Athbhreithniú agus aiseolas ón bhfoireann teagaisc
- Aiseolas ó thuismitheoirí.

**Comhairleoireacht:**

Déanfaidh an Coláiste gach iarracht comhairleoir cáilithe a chur ar fáil do dhaltaí le gá am aonarach/príobháideach a fháil ó thaobh fadhbanna sa scoil/sa bhaile. Is gá don Coláiste cead i bhfoirm litir shínithe a fháil ó thuismitheoir/ caomhnóir sula dtarlaíonn aon seisiún comhairleoireachta le dalta.

Glactha agus faofa ag an mBord Bainistíochta ar an 27/06/2022

Síniú an Chathaoirligh: [illegible] Dáta: 27/6/22

# Aguisín 1

**Tuismitheoirí**
Aithníonn an Coláiste an ról atá ag an tuismitheoir i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an pholasaí. Is iad na tuismitheoirí príomh theagascóirí an pháiste agus creideann an Coláiste go bhfuil an ról atá acu maidir le Oideachas Ghnéasacht agus Chaidrimh iontach tábhachtach.
Is féidir le tuismitheoirí leabhráin eolais maidir le Oideachas Ghnéasacht agus Chaidrimh a fháil ó Fheidhmeannach na Seirbhísí Sláinte. (HSE)

Tá cóip den pholasaí ar fáil do thuismitheoirí. Cuirfear litir maidir le Oideachas Ghnéasacht agus Chaidrimh chuig tuismitheoirí na Chéad Bhliana sula dtosaíonn an mhodúl.

- De réir an Acht Oideachais 1998 is féidir le tuismitheoir/caomhnóir a bpáiste a thógáil ón chlár O.G.& C. nó i gcás go bhfuil an scoláire 18, is féidir leo féin an clár a fhágáil.
- Más mian le tuismitheoir/caomhnóir go bhfágfadh a bpáiste an chlár, caithfidh siad foirm, a tugadh don scoláire sular cuireadh tús leis an chlár, a líonadh isteach.

***Na nithe a dhéanfaimid má dhéanann tuismitheoir iarratas leanbh a tharraingt siar as an gclár OCG:***

Pléifear na cúiseanna imní le tuismitheoir an linbh agus más cuí déanfaimid iarracht iad a chur ar a suaimhneas (tarlaíonn plé den chineál seo ag cruinniú le Ceann na Bliana agus leis an gComhordaitheoir OSPS i dtosach, d'fhéadfadh an Príomhoide a bheith páirteach ann más gá).

Breithneofar an féidir an clár a leasú nó a fheabhsú ar bhealach a chuirfidh tuismitheoirí ar a suaimhneas - ach beimid cúramach gan cur isteach ar iomláine an chláir OCG agus ar theidlíocht na ndaltaí eile, m.sh. b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach agus inmhianaithe ranganna aon-ghnéis a bheith ann i gcomhair codanna áirithe den chlár OCG.

Déanfar iarracht a chinntiú sa chás go dtarraingeofar dalta siar nach gcuirfear isteach ar chodanna eile dá n-oideachas.

Meabhrófar go bhféadfaí a bheith ag spochadh ar dhaltaí a tharraingítear siar - mar sin déanfaimid iarracht a chinntiú nach náireofar an dalta agus nach gcuirtear isteach ar an gclár.

Meabhrófar freisin go bhféadfadh daltaí eolas míchruinn a fháil óna bpiaraí.

Tabharfar rochtain do na tuismitheoirí ar eolas agus ar acmhainní oiriúnach.

# Aguisín 2

**Topaicí le Plé sa tSraith Shóisearach**

- Forbairt agus Fás Daonna / Human Growth & Developement
- Timthriall na Beatha / The Human Life Cycle
- Cumarsáid agus Meas / Communication & Respect
- Mothúcháin agus Ógántacht / Feelings & Adolescence
- Teanga le Mothúcháin a chur in iúl / Language to express feelings
- Caithreachas, Corpfheasacht agus Cúram Coirp / Puberty, Body Awareness & Body Care
- Íomhá Coirp / Body Image
- Atáirgeadh an Duine / Human Reproduction
- Míorúilt Beatha Nua / The Miracle of New Life
- Torthúlacht, Toircheas agus Breith / Fertility, Pregnancy & Birth
- Toircheas sna Déaga / Impleachtaí le gníomhaíocht ghnéasach / Teenage Pregnancy/ Implications of Sexual Activity
- Gnéasacht Dhaonna/ Human Sexuality
- Caidreamh/ Relationships
- Féinmheas / Self Respect
- Piarbhrú / Peer Pressure
- Feasacht maidir le cothromaíocht agus éagsúlacht / Awareness regarding equality & difference
- Feasacht maidir le leatrom agus steiréitíopáil/ Awareness regarding injustice & stereotyping
- Meas ar ghnéasacht agus tuiscint ar na freagrachtaí a théann léi / Respect for sexuality & understanding the responsibilities that accompany it
- Scileanna le shábhailteacht phearsanta a chur chun cinn/ Skills to promote personal safety
- Meabhairshláinte/ Mental health

**Topaicí le Plé sa t-Sraith Shinsearach**

- Cumarsáid/ Communication
- Cumarsáid threallúsach / Láimhseáil coimhlintí / Assertive communication/ Handling conflict
- Ag deileáil le mothúcháin / Dealing with emotions
- Atáirgeadh an duine / Human reproduction
- Gnéasacht an duine / Human sexuality
- Tuismitheoireacht fhreagrach / Responsible parenting
- Impleachtaí gníomhaíochta gnéasaí / Implications of Sexual Activity
- Imfhabhtuithe gnéas-tarchurtha / Sexually transmitted Diseases
- Caidreamh grámhar / Loving relationships
- Pósadh / Marriage
- Tacaíocht beatha / Life support
- Ag glacadh le claontaí gnéasacha / Accepting sexual orientation
- Ionsaí /Ciapadh gnéis / Sexual assault / harassment
- Gan toilliú / Without consent
- Mí-úsáid ghnéis / Sexual abuse
- Meabhairshláinte/ Mental health
- Gníomhaíocht choirp agus cothú/ Physical activity and nutrition

## Aguisín 3

Topaicí O.S.P.S. - Caidreamh agus Gnéasacht Is iad seo a leanas na topaicí a bhíonn pléite sna ranganna O.S.P.S. le linn an modúl Caidreamh agus Gnéasachta do gach bliain ghrúpa, bunaithe ar threoirlínte na siollabas O.S.P.S. *The following is a list of the topics discussed in S.P.H.E. classes for each year group during the Relationships and Sexuality Module based on syllabi guidelines.*

| | |
|---|---|
| **Bliain 1** | ***First Year*** |
| 1. Mise i mo dhuine uathúil ar leith | *1. Me as unique and different* |
| 2. Cairdeas | *2. Friendship* |
| 3. Athruithe san ógántacht | *3. Changes at adolescence* |
| 4. An córas atáirge | *4. The reproductive system* |
| 5. Íomhánna d'fhir agus de mhná | *5. Images of male and female* |
| 6. Meas orm féin agus ar dhaoine eile | *6. Respecting myself and others* |
| **Bliain 2** | ***2nd year*** |
| 1. Ó Choimpeart go breith | *1. From conception to birth* |
| 2. Braistintí agus mothúcháin | *2. Feelings and emotions* |
| 3. Piarbhrú agus tionchair eile | *3. Peer pressure and other influences* |
| 4. Caidrimh a bhainistiú | *4. Managing relationships* |
| 5. Cinnteoireacht iontaofa | *5. Making responsible decisions* |
| 6. Sláinte agus sábháilteacht phearsanta | *6. Health and personal safety* |
| **Bliain 3** | ***3rd year*** |
| 1. Íomhá choirp | *1. Body image* |
| 2. Cá bhfuil mé anois? | *2. Where am I now?* |
| 3. Caidreamh – an ghné atá tábhachtach | *3. Relationships – what's important* |
| 4. Meas, cearta, freagrachtaí | *4. Respect, rights and responsibilities* |
| 5. Coinbhleacht | *5. Conflict* |
| **Bliain 4, 5 & 6** | ***4th, 5th and 6th year*** |
| 1. Cumarsáid | *1. Communication* |
| 2. Cumarsáid threallúsach | *2. Assertive communication* |
| 3. Ag déileáil le mothúcháin | *3. Dealing with feelings* |
| 4. Coinnigh do cheann! | *4 .Keep your cool!* |
| 5. Ag déileáil le caillteanas | *5. Living with loss* |
| 6. Atáirgeadh an duine | *6. Human reproduction* |
| 7. Gnéasacht an duine | *7. Human sexuality* |
| 8. Ag pleanáil don todhchaí | *8. Planning for the future* |
| 9. Tuismíocht fhreagrach | *9. Responsible parenthood* |
| 10. Rud nach raibh tú ag súil leis | *10. More than you bargained for* |
| 11. Impleachtaí gníomhaíochta gnéasaí | *11. Implications of sexual activity* |
| 12. Caidreamh Grách | *12. Loving relationships* |
| 13. Pósadh | *13. Marriage* |
| 14. Tacaíocht Beatha | *14. Life support* |
| 15. Róil Dhúshlánacha | *15. Challenging roles* |
| 16. Ag glacadh le claontaí gnéasachta (L.G.B.T.) | *16. Accepting sexual orientations (L.G.B.T.)* |
| 17. Topaicí tromchúiseacha gnéasachta. Is féidir thuilleadh eolais a fháil ina dtaobh seo ach teagmháil a dhéanamh leis an scoil, más mian leat. | *17. Sexual topics of a serious nature. Please contact the office should you require more detailed information on this.* |

☐ Tugaim cead do mo pháiste a bheith páirteach sna ranganna seo. /I consent to my child partaking in these classes

☐ Ní thugaim cead do mo pháiste a bheith páirteach sna ranganna seo. / I do consent to my child partaking in these classes

Síniú an tuismitheora: ______________________________ Dáta:________________

## Aguisín 4

### Sampla do pholasaí na nDaltaí sa Rang OSPS i gColáiste an Eachréidh

Gheallaim go leanfaidh mé na rialacha seo a leanas sa rang OSPS ar mhaithe le meas a thaispeáint do mo chomhscoláirí agus ar mo shon pearsanta féin chomh maith. Bunrialacha don obair ghrúpa agus phé. Glacaim agus aontaím leis na nithe seo a leanas:

**Rúndacht –** Ní dhéanfaidh mé plé ar sonraí ná eolas pearsanta a luaitear sa rang/ grúpa lasmuigh den rang/ghrúpa. (Féadfaidh tú labhairt fút féin, do chuid foghlama agus faoi ábhar an chúrsa).

**Rúndacht an Mhúinteora –** Níl cead agam ceist phearsanta a chur ar an múinteoir.

**Meas ar an éagsúlacht -** Tá an ceart agam a bheith éagsúil mar atá ag gach ball den ghrúpa.

**Deis Ama -** Tabharfaidh mé an t- am do gach duine chun a smaointe a shoiléiriú agus a chur bhfocail. Fanfaidh mé go dtí go mbíonn an duine romham críochnaithe sula labhróidh mé.

**Cothromaíocht Ama -** Glacfaidh mé freagracht as a mhinice a labhraím sa ghrúpa agus as ligean do dhaoine eile an méid céanna ama agus spáis a bheith acu.

**Comhairle –** Labhróidh mé ó mo thaithí féin agus ní thabharfaidh mé comhairle do dhaoine eile nach n-iarrann é m.sh. Dá mba mise tusa dhéanfainn.

**Éist -** Tabharfaidh mé aird ar leith ar a bhfuil á rá ag gach duine, seachas céard ba mhaith liom a chloisteáil.

**Mo Thaithí Féin -** Labharóidh mé go díreach ó mo thaithí pearsanta féin agus úsáidfidh mé 'mé' nó 'mise' in áit 'gach duine' nó 'an chuid is mó dínn'.

**Freagracht –** Glacfaidh mé freagracht as an méid a smaoiním, a dhéanaim, adeirim agus a bhraithim i ngach seisiún. Ar an dul céanna glacfaidh mé freagracht as an méid nach ndeirim i ngach seisiún.

**Nochtadh –** Ní déarfaidh mé ach an méid atá compordach dom a rá, is cuma cad a nochtann daoine eile nó cad a bhíonn súil acu a chloisteáil.
*Nóta Tábhachtach - Má nochtaítear eolas pearsanta a léiríonn go bhfuil mé nó aon dalta eile i mbaol, nó a léiríonn go bhfuil an aois toilithe sáraithe, tá cúram ar an múinteoir ábhair an t-eolas sin a chur ar aghaidh go dtí an príomhoide.*

Síniú: ______________________ Dáta: ______________________